Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 7 Nollaig 2020**
**(OR. en)**

**13573/20**

**COPS 432**
**CIVCOM 182**
**POLMIL 188**
**CFSP/PESC 1064**
**CSDP/PSDC 601**
**RELEX 964**
**JAI 1055**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 13440/20 COPS 425 CIVCOM 180 POLMIL 183 CFSP/PESC 1048 CSDP/PSDC 594 RELEX 940 JAI 1038 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le hidirghabháil síochána an Aontais |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san iarscríbhinn, na conclúidí ón gComhairle maidir le hidirghabháil síochána an Aontais, a ghlac an Chomhairle ag an gcruinniú a bhí aici an 7 Nollaig 2020.

## CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LE hIDIRGHABHÁIL SÍOCHÁNA

1. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go dtacaíonn sí leis an idirghabháil síochána mar phríomhuirlis do chosc agus réiteach coinbhleachtaí agus ar mhaithe le cothú na síochána faoin gComhbheartas Eachtrach agus Slándála agus aghaidh á tabhairt ar na rioscaí don tsíocháin. Sa chomhthéacs sin, is díol sásaimh don Chomhairle an Coincheap nua maidir le hIdirghabháil Síochána an Aontais (WK 12466/2020) lena dtógtar ar Choincheap 2009 maidir le hAcmhainneachtaí Idirghabhála agus Idirphlé an Aontais a neartú (15779/09) agus a thagann ina ionad. Léiriú ar uaillmhian mhéadaithe an Aontais Eorpaigh (AE) atá sa choincheap nua ó thaobh chleachtas idirghabháil na síochána de.

2. Na coinbhleachtaí foréigneacha agus na dúshláin nua slándála atá ag teacht chun cinn, tá siad ina mbagairt ar an tsíocháin agus ar an gcobhsaíocht. Iarrann an Chomhairle go mbeadh rannpháirtíocht an Aontais tráthúil, níos réamhghníomhaí agus níos diongbháilte maidir le cosc agus réiteach coinbhleachtaí, lena n-áirítear trí idirghabháil síochána luachbhunaithe.

3. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir go bhfuil cur chuige luachbhunaithe an Aontais maidir le hidirghabháil síochána fothaithe ar a mbunluachanna. Athdhearbhaíonn an Chomhairle tiomantas láidir an Aontais luachanna uilíocha do chách a chur chun cinn a thuilleadh. Leanfaidh an meas ar dhínit an duine, ar an tsaoirse, ar an daonlathas, ar an gcomhionannas, ar an smacht reachta agus an meas ar chearta an duine de bheith mar bhonn faoi gach gné de bheartais inmheánacha agus sheachtracha an Aontais Eorpaigh.

4. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir tiomantas an Aontais an t-ord idirnáisiúnta riailbhunaithe a chaomhnú agus a neartú, a bhfuil na Náisiúin Aontaithe ina chroílár, agus iltaobhachas éifeachtach a áirithiú bunaithe ar urraim do noirm agus do phrionsabail an dlí idirnáisiúnta, don dlí daonnúil idirnáisiúnta, do chosaint chearta agus saoirsí bunúsacha an duine agus trí oideachas ar chearta an duine chomh maith. Meabhraítear di ról na Náisiún Aontaithe mar chomhpháirtí straitéiseach nádúrtha an Aontais maidir le coinbhleachtaí a chosc agus a réiteach ar fud an domhain.

5. Cuireann an Chomhairle i dtábhacht gurb iad íogaireacht choinbhleachta agus prionsabal na neamhdhíobhála a threoraíonn rannpháirtíocht an Aontais maidir leis an idirghabháil. Aithníonn an Chomhairle gur féidir leis an idirghabháil agus cothú na síochána a bheith ina bpróisis an-fhada, próisis neamhlíneacha agus atriallacha agus nár cheart go gcuirfí bac ar an rannpháirtíocht de dheasca na rioscaí a bhaineann leo.

6. Tabharfaidh an tAontas agus na Ballstáit tosaíocht i ngach ceann dá réimsí gníomhaíochta chun gur féidir le mná agus cailíní tairbhiú go hiomlán de chearta an duine, den chomhionannas inscne agus de chumhachtú ban agus cailíní. Sa chomhthéacs sin, tosaíocht shonrach don Aontas is ea príomhshruthú inscne agus rochtain iomlán, chothrom agus fhiúntach na mban ar an gcinnteoireacht pholaitiúil agus ar phróisis síochána, agus rannpháirtíocht agus ceannaireacht na mban sna réimsí sin ar gach leibhéal agus cuireann an Chomhairle i dtreis, dá bhrí sin, go bhfuil gá le bearta sonracha i ndáil leis sin. Athdhearbhaíonn an Chomhairle tiomantas an Aontais do chur chun feidhme iomlán an chláir oibre maidir le Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil (MSS) agus is díol sásaimh di a mhéid a rannchuidítear, de bharr Choincheap an Aontais maidir le hIdirghabháil Síochána, le cur chun feidhme an chreata beartais maidir le MSS.

7. Meabhraítear don Chomhairle go bhfuil idirghabháil síochána mar chuid de Chur Chuige Comhtháite an Aontais i ndáil le Coinbhleachtaí agus Géarchéimeanna Seachtracha, ar cur chuige é atá mar chuid de fhreagairt an Aontais atá comhleanúnach ó thaobh na polaitíochta agus na hoibríochtúlachta de bunaithe ar anailís chomhroinnte ar choinbhleachtaí i gcomhthéacs Straitéis Dhomhanda an Aontais. Ní mór don Aontas an chaoi a dtugann sé na Ballstáit, institiúidí, saineolas agus ionstraimí ábhartha le chéile a neartú a thuilleadh agus an cur chuige comhtháite á chur i bhfeidhm aige i dtaca le hidirghabháil síochána. Daingníonn an Chomhairle go gcuirtear an creat ceart ar fáil leis an gcur chuige comhtháite chun a chinneadh cé na huirlisí agus na hionstraimí ar cheart don Aontas a tharraingt orthu ina chur chuige idirghabhála i leith comhthéacs sonrach. I ndáil leis sin, d’fhéadfadh ról tacaíochta a bheith ag misin shibhialtacha CBSC a mhéid a bhaineann le faireachán síochána agus idirghabháil i gcás inarb iomchuí agus i gcomhréir lena sainordú faoi seach.

8. I bhfianaise a chasta is atá coinbhleachtaí reatha a éilíonn cur chuige ilghnéitheach, cuireann an Chomhairle i dtreis a thábhachtaí atá sé tacú le próisis chuimsitheacha síochána atá i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta, lena gcothaítear meon tacaíochta i measc geallsealbhóirí agus lena dtugtar ról do gach cuid den tsochaí ar gach leibhéal, idir cheannairí polaitiúla agus an tsochaí shibhialta agus phobail áitiúla, lena n-áirítear na glúine óga, agus staid an-leochaileach leanaí atá i gcoinbhleacht armtha á cur san áireamh.

9. Cuireann an Chomhairle i dtábhacht gur gá go gcuirfear éifeacht an athraithe aeráide ar an tsíocháin agus ar an tslándáil san áireamh in iarrachtaí idirghabhála síochána an Aontais. Aithníonn an Chomhairle gur measaide an bhagairt an t-athrú aeráide lena gcuirtear leis an gcoinbhleacht, lena gcuirtear cothú na síochána i mbaol agus lena gcruthaítear éagobhsaíochtaí nua gan choinne. Cuireann an Chomhairle i dtreis gur cheart féachaint go comhsheasmhach ar rioscaí a bhaineann leis an aeráid a mhéid a bhaineann le coinbhleachtaí a chosc, le cothú na síochána agus le straitéisí i leith chothú na síochána.

10. Cuireann an Chomhairle i dtreis a thábhachtaí atá an oidhreacht chultúrtha maidir le coinbhleachtaí a chosc agus a réiteach agus a thábhachtaí atá sé oideachas maidir leis an tsaincheist seo a chur chun cinn agus iarrann sí go dtabharfaí tuilleadh airde ar na gnéithe sin d'idirghabháil síochána an Aontais.

11. Cuireann an Chomhairle i dtreis a thábhachtaí atá sé oibriú le gníomhaithe na hidirghabhála, go háirithe leo siúd a thugann an urraim chéanna agus a thugann an tAontas do chur chuige atá bunaithe ar phrionsabail agus ar luachanna i leith idirghabháil síochána, go háirithe le heagraíochtaí iltaobhacha agus réigiúnacha ar féidir leo tarraingt ar chaidreamh uathúil bunaithe ar mhuinín agus idirphlé éascaithe a thionscnamh le gníomhaithe na síochána agus na coinbhleachta laistigh dá réigiúin, amhail ESCE. Spreagann sé comhpháirtíochtaí agus comhar le heagraíochtaí na sochaí sibhialta agus le gníomhaithe áitiúla, lena n-áirítear iad siúd a dhéanann ionadaíocht ar na tíortha agus ar na réigiúin ina bhfuil coinbhleacht fhoréigneach.

12. Cuireann an Chomhairle chun suntais gur gá úsáid iomlán thráthúil a bhaint as tionchar an Aontais agus uirlisí an Aontais atá íogair ó thaobh coinbhleachta de chun tacú le cuspóirí idirghabhála síochána an Aontais agus chun go rachaidh páirtithe coinbhleachta i mbun idirphlé d'fhonn síocháin a chothú agus a choinneáil.

13. Chun a áirithiú go leanfar de chleachtais idirghabhála an Aontais a fhorbairt, measann an Chomhairle go bhfuil sé tábhachtach go leanfar d'acmhainneacht a fhothú agus den oiliúint, arna soláthar ag gníomhaireachtaí an Aontais, d'institiúidí agus do na Ballstáit, chomh maith le treoir phraiticiúil maidir le hidirghabháil a chur ar fáil do ghníomhaithe idirghabhála an Aontais, lena n-áirítear Ballstáit an Aontais agus comhpháirtithe an Aontais, agus béim á leagan ar shaincheisteanna a bhfuil tábhacht mhéadaitheach leo don idirghabháil síochána, amhail caomhnú na hoidhreachta cultúrtha, teicneolaíochtaí digiteacha, an mheabhairshláinte agus an tacaíocht shíceasóisialta, an t-athrú aeráide, rochtain theoranta ar acmhainní nádúrtha, go háirithe acmhainní uisce, agus díghrádú an chomhshaoil.

14. Ba cheart cosc coinbhleachta agus ceisteanna idirghabhála a léiriú i ndoiciméid straitéiseacha agus chlársceidealaithe an Aontais agus iad a phríomhshruthú in obair na Comhairle laistigh den Chomhbheartas Eachtrach agus Slándála. Iarrann an Chomhairle ar SEGS tuairisc a chur faoi bhráid an Choiste Pholaitiúil agus Slándála maidir leis an dul chun cinn a rinneadh ar na príomhghnéithe a leagtar amach sa Choincheap laistigh de bhliain amháin agus ar bhonn bliantúil ina dhiaidh sin.